AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Imlitir 0056/2017

Chuig
BOIRD BAINISTÍOCHTA AGUS PRÍOMHOIDÍ BUNSCOILEANNA AGUS SCOILEANNA SPEISIALTA

Clár Vacsaínithe Bunscoile an FSS 2017/2018

D'iarr Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar an Roinn Oideachais agus Scileanna an litir faoi iamh *(Cliceáil anseo le féachaint ar litir an FSS)* a scaipeadh ar Phríomhoidí i scoileanna aitheanta chun scoileanna a chur ar an eolas faoi chlár vacsaínithe bunscoile an FSS don scoilbhliain 2017/2018. Iniata chomh maith tá bileog eolais ar vacsaíní HPV agus ailse cheirbheacs.

Feic freisin le do thoil an *meamram faoi ról riaracháin agus freagrachtaí an FSS maidir leis an gclár imdhíonta scoile 2017/2018*.

Tuigeann an tAire Oideachais agus Scileanna an tacaíocht leanúnach a fhaightear ó bhainistíocht scoileanna chun fadhbanna sláinte poiblí a chosc agus a bhainistiú.

D'iarr an FSS ar an Roinn Oideachais agus Scileanna freisin a chur i gcuimhne do scoileanna faoi threoirlínte an FSS ar *"Bainistíocht na nGalar Tógálacha i Scoileanna"*. Tá an nasc chuig an bhfoilseachán seo ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag Éigeandálaí Náisiúnta / Sláinte Poiblí. Rinneadh na treoirlínte seo a fhorbairt go príomha le bheith in úsáid ag múinteoirí chun feasacht a spreagadh faoi na galair thógálacha choitianta agus thábhachtacha. Cuireann siad treoir ar fáil freisin do chosaint agus do bhainistíocht na ngalar tógálacha i scoileanna.

Tá tuilleadh eolais faoi na vacsaínithe atá sa chlár vacsaínithe scoile 2017/2018 le fáil ar www.immunisation.ie. Tá foilseachán an FSS "Bainistíocht na nGalar Tógálacha i Scoileana" ar fáil ó Shuíomh Gréasáin an Lárionaid Faire um Chosaint Sláinte www.hpsc.ie.

TOM DEEGAN
PRÍOMHOIFIGEACH
Méan Fómhair, 2017